BREITHIÚNAS NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS (an Chéad Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Fáltais, ionstraimeachtaí agus maoin a bhaineann le coireacht a choigistiú – Cinneadh Réime 2005/212/CGB – Treoir 2014/42/UE – Raon feidhme – Imeachtaí coiriúla náisiúnta a bhféadfadh fáltais ón gcoireacht a choigistiú a bheith mar thoradh orthu – Mainneachtain cion coiriúil a shuíomh – Coigistiú gan ciontú – Cúiseanna seachas breoiteacht nó éalú)

I gCásanna Uamtha C-767/22, C-49/23 agus C-161/23,

IARRATAÍ ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE ó Latvijas Republikas Satversmes tiesa (an Chúirt Bhunreachtúil, an Laitvia), trí bhreitheanna an 8 Nollaig 2022, 31 Eanáir 2023 agus 14 Márta 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 12 Nollaig 2022, an 1 Feabhra 2023 agus an 16 Márta 2023 faoi seach, sna himeachtaí coiriúla i gcoinne

1Dream OÜ,

DS,

DL,

VS,

JG (C-767/22),

AZ,

1Dream OÜ,

Produktech Engineering AG,

BBP,

Polaris Consulting Ltd (C-49/23),

VL,

ZS,

* Teanga an cháis: an Laitvis.

Lireva Investments LTD,

VI.

FORTRESS FINANCE Inc. (C-161/23),

idiragraithe:

Latvijas Republikas Saeima,

Tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev, Uachtarán Dlísheomra, L. Bay Larsen (Rapóirtéir), Leas-Uachtarán na Cúirte, T. von Danwitz, A. Kumin agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: I. Illéssy agus S. Spyropoulos, Riarthóirí,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 15 Aibreán 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– 1Dream OÜ, ag S. Bērtaitis, advokāts,

– VS, DL, DS, ag A. Jaunzars, advokāts,

– JG, ag I. Nikuļceva agus A. Voroņko, advokāti,

– AZ, ag R. Valdemārs, advokāts,

– Produktech Engineering AG, ag T. Krūmiņš agus L. Liepa, advokāti,

– BBP, ag A. Rasa, advokāts,

– Polaris Consulting Ltd, ag A. Liepiņš, advokāts,

– VL, ag L. Lielbriede, advokāta palīdze, S. Oborenko agus E. Rusanovs, advokāti,

– ZS, ag A. Ņikiforovs, jurists,

– Lireva Investments LTD, ag A. Rasa, advokāts,

– VI, ag D. Siliņa, advokāte,

– FORTRESS FINANCE Inc., ag L. Baltiņa, advokāta palīdze,

– Rialtas na Laitvia, ag J. Davidoviča, K. Pommere agus S. Zābele, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Seice, ag M. Smolek, T. Suchá agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag I. Naglis, I. Rubene, M. Wasmeier agus I. Zaloguin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 11 Iúil 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), Cinneadh-Réime 2005/212/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le fáltais, ionstraimeachtaí agus maoin a bhaineann le coireacht a choigistiú (IO 2005, L 68, lch. 49), Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO 2014 L 127, lch. 39) agus prionsabal tosaíochta dhlí an Aontais.

2 Rinneadh na hiarrataí seo in imeachtaí bunreachtúla arna dtionscnamh ag 1Dream OÜ, DS, DL, VS, JG (C-767/22), AZ, 1Dream, Produktech Engineering AG, BBP, Polaris Consulting Ltd (C-49/23), VL, ZS, Lireva Investments LTD, VI agus FORTRESS FINANCE Inc. (C-161/23), a bhaineann le bunreachtúlacht forálacha náisiúnta maidir le nós imeachta chun maoin a choigistiú.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Cinneadh Réime 2005/212

3 Foráiltear le hAirteagal 2(1) de Chinneadh Réime 2005/212:

'Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá ionas go mbeifear in ann coigistiú a dhéanamh, go huile nó go páirteach, ar ionstraimeachtaí agus ar fháltais a fuarthas as cion coiriúil a bhféadfar cailleadh saoirse ar feadh tréimhse níos mó ná bliain amháin a ghearradh mar phionós ina leith, nó ar mhaoin a gcomhfhreagraíonn a luach do na fáltais sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/42

4 Foráiltear le haithrisí 5, 15, 16, 21 agus 22 de Threoir 2014/42:

'(5) Le glacadh rialacha íosta, déanfar comhfhogasú ar chórais reoite agus choigistithe na mBallstát, rud a neartóidh iontaoibh fhrithpháirteach agus comhar éifeachtach trasteorann.

[...]

(15) Tar éis ciontú deiridh i gcion coiriúil, ba cheart go bhféadfaí ionstraimeachtaí agus fáltais ó choireacht, nó maoin a gcomhfhreagraíonn a luach d'ionstraimeachtaí nó d'fháltais den sórt sin, a choigistiú. D'fhéadfadh ciontú deiridh den sórt sin a bheith mar thoradh ar imeachtaí *in absentia* freisin. I gcás nach féidir coigistiú a dhéanamh ar bhonn ciontú deiridh, ba cheart, mar sin féin, in imthosca áirithe, go bhféadfaí ionstraimeachtaí agus fáltais a choigistiú, ar a laghad i gcásanna breoiteachta nó éalú an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe. Mar sin féin, i gcásanna breoiteachta agus éalaithe, is leor imeachtaí *in absentia* a bheith ann sna Ballstáit chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh. I gcás inar éalaigh an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, ní mór do na Ballstáit gach beart réasúnta a dhéanamh agus féadfaidh siad a cheangal go gcuirfear toghairm ar an duine lena mbaineann nó go gcuirfear é ar an eolas faoi na himeachtaí coigistíochta.

(16) Chun críocha na Treorach seo, is é an chiall ba cheart a bhaint as 'breoiteacht' ná neamhábaltacht an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe freastal ar na himeachtaí coiriúla ar feadh tréimhse fhadaithe, a mbeadh mar thoradh uirthi nach féidir leanúint ar aghaidh leis na himeachtaí faoi ghnáthchúinsí. Féadfar iarraidh ar dhaoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a mbreoiteacht a chruthú, mar shampla trí theastas leighis, ar cheart don chúirt a bheith in ann é a dhiúltú má mheasann sí go bhfuil sé míshásúil. Níor cheart difear a dhéanamh do cheart an duine sin dlíodóir a bheith mar ionadaí aige.

[...]

(21) Ba cheart go bhféadfaí coigistiú sínte a dhéanamh i gcás inar deimhin le cúirt go dtagann an mhaoin atá i gceist ó iompar coiriúil. Ní chiallaíonn sé sin go gcaithfear a shuíomh go dtagann an mhaoin atá i gceist ó iompar coiriúil. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, mar shampla, gur leor don chúirt cinneadh a dhéanamh ar chothromú na dóchúlachta, nó a mheas go réasúnta go bhfuil sé i bhfad níos dóchúla go bhfuarthas an mhaoin atá i gceist ó iompar coiriúil ná ó ghníomhaíochtaí eile. Sa chomhthéacs sin, ní mór don chúirt imthosca sonracha an cháis a mheas, lena n-áirítear na fíorais agus an fhianaise atá ar fáil, ar a mbonn is féidir cinneadh maidir le coigistiú sínte a dhéanamh. I measc na bhfíoras sin d'fhéadfadh cúirt a chinneadh go bhfuarthas an mhaoin as iompar coiriúil toisc go bhfuil maoin an duine díréireach le hioncam dlíthiúil an duine sin. D'fhéadfadh na Ballstáit ceanglas le haghaidh tréimhse áirithe ama a chinneadh a d'fhéadfaí a mheas gur lena linn a fuarthas an mhaoin ó iompar coiriúil.

(22) Bunaítear rialacha íosta leis an Treoir seo. Ní chuirtear cosc léi ar na Ballstáit foráil a dhéanamh ina ndlí náisiúnta maidir le cumhachtaí níos fairsinge, lena n-áirítear, mar shampla, siúd a bhaineann le rialacha maidir le fianaise.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir sin:

'1. Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha íosta maidir le reo maoine ionas go bhféadfaí iad a choigistiú ina dhiaidh sin agus maidir le coigistiú maoine in ábhair choiriúla.

2. Ní dochar an Treoir seo do na nósanna imeachta is féidir leis na Ballstáit a úsáid chun an mhaoin atá i gceist a choigistiú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1) ciallaíonn “fáltais” aon bhuntáiste eacnamaíoch a fhaightear go díreach nó go hindíreach as cion coiriúil agus ina bhféadfadh maoin de chineál ar bith a bheith i gceist, lena n-áirítear aon athinfheistíocht nó claochlú a dhéantar ar fháltais dhíreacha ina dhiaidh sin agus aon tairbhí luachmhara;

2) ciallaíonn “maoin” maoin d’aon chineál, bíodh sí corprach nó neamhchorprach, inláimhsithe nó doláimhsithe, agus doiciméid dhlíthiúla nó ionstraimí dlíthiúla lena bhfianaítear teideal ar an maoin sin nó leas inti;

3) ciallaíonn “ionstraimeachtaí” aon mhaoin a úsáidtear, nó a bheartaítear a úsáid, ar aon slí, go hiomlán nó go páirteach, chun cion cóiriúil nó cionta coiriúla a dhéanamh;

4) ciallaíonn ‘coigistiú’ baint chríochnaitheach maoine, arna ordú ag cúirt, i ndáil le cion coiriúil;

[…]

6) ciallaíonn “cion coiriúil” cion a chumhdaítear le haon cheann de na hionstraimí a liostaítear in Airteagal 3.’

7 Foráiltear le hAirteagal 4 den Treoir sin, dar teideal ‘Coigistiú’:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas go mbeifear in ann coigistiú a dhéanamh, go huile nó go páirteach, ar ionstraimeachtaí, ar fháltais nó ar mhaoin a gcomhfhreagraíonn a luach do na hionstraimeachtaí nó do na fáltais sin, a fuarthas as cion coiriúil, i ndiaidh ciontú críochnaitheach, rud a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh freisin ar imeachtaí *in absentia*.

2. I gcás nach féidir coigistiú a dhéanamh ar bhonn mhír 1, ar a laghad i gcás inar breoiteacht nó éalú an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe is cúis leis an dodhéantacht sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas gur féidir ionstraimeachtaí agus fáltais a choigistiú i gcásanna inar tionscnaíodh imeachtaí coiriúla maidir le cion coiriúil a d’fhéadfadh a bheith ina chúis, go díreach nó go hindíreach, le tairbhe eacnamaíoch, agus gur dhócha go mbeadh ciontú coiriúil mar thoradh ar imeachtaí den sórt sin dá mba rud é go raibh an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in ann dul chun trialach.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 5(1) de Threoir 2014/42, dar teideal ‘Coigistiú sínte’:

‘Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas go mbeifear in ann maoin a choigistiú, go huile nó go páirteach, ar maoin í ar le duine atá ciontaithe i gcion coiriúil i gcás ina bhféadfadh tairbhe eacnamaíoch eascairt as an gcion sin a rinneadh, go díreach nó go hindíreach, agus más deimhin le cúirt, i bhfianaise imthosca an cháis, lena n-áirítear na fíorais shonracha agus an fhianaise atá ar fáil, amhail luach na maoine a bheith díréireach le hioncam dleathach an duine atá ciontaithe, go bhfuarthas an mhaoin as iompar coiriúil.’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 6(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Coigistiú ó thríú páirtí’:

‘Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas go mbeifear in ann coigistiú a dhéanamh ar fháltais, nó ar mhaoin eile a gcomhfhreagraíonn a luach d’fháltais, a d’aistrigh duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, go díreach nó go hindíreach, chuig tríú páirtithe, nó a fuair tríú páirtithe ó dhuine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, ar a laghad i gcásanna ina raibh a fhios ag na tríú páirtithe sin nó gur cheart go mbeadh a fhios acu gurbh é cuspóir an aistrithe nó na fála coigistiú a sheachaint, ar bhonn fíorais agus imthosca nithiúla, lena n-áirítear go ndearnadh an t-aistriú nó an fháil saor in aisce nó mar mhalairt ar mhéid a bhí i bhfad níos ísle ná an margadhluach.’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 8(1) agus (8) den Treoir sin:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an ceart ar leigheas éifeachtach agus an ceart chun triail chóir a fháil chun go seasfar lena gcearta ag na daoine a ndéanann na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo difear dóibh.

[...]

8. Sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5, beidh deis éifeachtach ag an duine lena mbaineann agóid a dhéanamh i gcoinne imthosca an cháis, lena n-áirítear na fíorais nithiúla agus an fhianaise atá ar fáil lena meastar go bhfuarthas an mhaoin atá i gceist ó iompar coiriúil.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Leagtar amach an méid seo a leanas in Airteagal 14(1) den Treoir sin:

‘Cuirtear an Treoir seo in ionad na chéad cheithre fhleasc d’Airteagail 1 agus 3 de Chinneadh Réime [2005/212] le haghaidh na mBallstát a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu [...]’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (AE) 2018/1805

12 Léifear aithris 13 de Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d’orduithe reo agus d’orduithe coigistíochta (IO 2018, L 303, lch. 1) mar seo a leanas:

‘Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach ordú calctha agus gach ordú coigistíochta arna eisiúint faoi chuimsiú imeachtaí in ábhair choiriúla. Is coincheap uathrialach de chuid dhlí an Aontais é “imeachtaí in ábhair choiriúla” arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, d’ainneoin chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Dá bhrí sin, cumhdaítear leis an téarma sin orduithe calctha agus orduithe coigistíochta den uile chineál a eisítear tar éis imeachtaí i dtaca le cion coiriúil, ní hamháin orduithe a chumhdaítear faoi Threoir [2014/42]. Cumhdaítear cineálacha eile orduithe leis freisin a eisítear gan ciontú críochnaitheach. [...]’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Laitvia

13 Foráiltear leis an gcéad abairt agus an dara habairt d'Airteagal 92 de Latvijas Republikas Satversme (Bunreacht Phoblacht na Laitvia, 'Bunreacht na Laitvia'):

'Beidh sé de cheart ag gach duine a chearta agus a leasanna dlisteanacha a dhearbhú os comhair cúirt neamhchlaonta. Toimhdeofar gach duine atá cúisithe a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar é a bheith ciontach i gcomhréir leis an dlí.'

14 Foráiltear le hAirteagal 124(6) den Kriminālprocesa likums (an Dlí um nós imeachta coiriúil) an 21 Aibreán 2005 (*Latvijas Vēstnesis*, 2005, Uimh. 74), sa leagan is infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí ('an Dlí um nós imeachta coiriúil'), go meastar, in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach, fianaise a bhaineann le tionscnamh neamhdhleathach na maoine a bheith suite más rud é, le linn fianaise a chur isteach, go bhfuil forais ann lena mheas gur dócha go bhfuil tionscnamh coiriúil ag an maoin seachas tionscnamh dleathach.

15 Foráiltear le hAirteagal 125(3) den Dlí sin go measfar go bhfuarthas maoin a bhí faoi réir sciúradh go neamhdhleathach mura bhfuil an duine atá rannpháirteach in imeachtaí coiriúla in ann míniú inchreidte a thabhairt maidir le tionscnamh dleathach na maoine agus má cheadaítear leis an bhfianaise go léir don duine atá freagrach as na himeachtaí glacadh leis gur dócha go bhfuil tionscnamh neamhdhleathach ag an maoin.

16 Foráiltear le hAirteagal 126(3)[1] den Dlí sin:

'Má éilíonn an duine atá rannpháirteach in imeachtaí coiriúla nach féidir a mheas go bhfuarthas an mhaoin go neamhdhleathach, is faoin duine sin atá sé dlíthiúlacht thionscnamh na maoine a léiriú. Mura gcuirtear faisnéis iontaofa ar fáil maidir le dlíthiúlacht thionscnamh na maoine laistigh den tréimhse fhorordaithe, diúltófar an fhéidearthacht dó cúiteamh a fháil as an damáiste a rinneadh de bharr na srianta a forchuireadh ar úsáid a mhaoine i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla.'

17 Foráiltear le hAirteagal 626(1), den Dlí sin:

'Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir, le toiliú an ionchúisitheora atá i gceannas ar an stiúrthóireacht um imscrúdú, nó an t-ionchúisitheoir, ar mhaithe le réiteach tapa ar ábhair mhaoine a ardaíodh le linn na céime réamhthrialaí d'imeachtaí coiriúla agus ar mhaithe leis an nós imeachta a choinneáil gearr, na gnéithe a bhaineann leis an maoin a fuarthas go neamhdhleathach a dheighilt ón gcomhad coiriúil agus imeachtaí a thionscnamh má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

1) tugtar le fios leis an bhfianaise go léir go bhfuarthas an mhaoin a baineadh nó a urghabhadh go neamhdhleathach nó go bhfuil baint aici le cion coiriúil;

2) tá sé dodhéanta, ar chúiseanna oibiachtúla, an cás coiriúil a thabhairt os comhair na gcúirteanna amach anseo (laistigh de thréimhse ama réasúnta) nó d'fhéadfadh costais shuntasacha [agus] gan údar a bheith mar thoradh air.'

18 Foráiltear le hAirteagal 627(1) go (5) den Dlí um nós imeachta coiriúil:

'(1) Sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 626 den Dlí seo, déanfaidh an duine atá freagrach as na himeachtaí an cinneadh imeachtaí a thionscnamh maidir le maoin a fuarthas go

neamhdhleathach agus aistreoidh sé an fhaisnéis a bhaineann leis an maoin a fuarthas go neamhdhleathach chuig an gcúirt.

(2) Ina chinneadh, leagfaidh an duine atá freagrach as an nós imeachta amach:

1) faisnéis faoi na fíorais lenar féidir an nasc idir an mhaoin agus an cion coiriúil nó tionscnamh neamhdhleathach na maoine a shuíomh, chomh maith leis na heilimintí a scaradh ón gcomhad i gcás coiriúil leanúnach a bhaineann leis an maoin a fuarthas go neamhdhleathach;

2) na daoine a bhfuil baint acu leis an maoin;

3) na bearta atá beartaithe aige i ndáil le maoin a fuarthas go neamhdhleathach;

4) an t-íospartach, más iomchuí.

(3) Cuirtear an cinneadh agus na ceangaltáin a ghabhann leis ar aghaidh chuig an rajona (pilsētas) tiesa (an Chúirt Dúiche).

(4) Cumhdaítear gnéithe an chomhaid a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach le rúndacht an imscrúdaithe agus féadfaidh an duine atá freagrach as na himeachtaí, an t-ionchúisitheoir agus an chúirt ar tugadh an cás os a comhair dul i gcomhairle leo. Féadfaidh na daoine dá dtagraítear in Airteagal 628 den Dlí seo iad féin a chur ar an eolas faoi ghnéithe an chomhaid le húdarú ón duine atá freagrach as na himeachtaí agus a mhéid a chinnfidh an duine sin.

(5) Féadfaidh cinneadh an duine atá freagrach as na himeachtaí diúltú don iarraidh ar rochtain ar ghnéithe an chomhaid a bheith ina ábhar achomhairc os comhair an rajona (pilsētas) tiesa (an Chúirt Dúiche), a n-iarrtar uirthi rialú a thabhairt ar chás a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach. Cinnfidh an chúirt an seasfaidh sí leis an gcaingean nó an ndéanfaidh sí í a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach. Ní fhéadfar achomharc a iarraidh ar an gcinneadh. Chun gur féidir leis an mbreitheamh a chinneadh an mbaineann rochtain ar na gnéithe sa chomhad an bonn de chearta bunúsacha daoine aonair, de leas an phobail nó de chuspóir imeachtaí coiriúla a bhaint amach, féadfaidh an breitheamh iarraidh ar an gcomhad coiriúil agus dul i gcomhairle leis.'

19 Foráiltear le hAirteagal 628 den Dlí sin mar seo a leanas:

'Déanfaidh an duine atá freagrach as na himeachtaí cóip den chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 627 den Dlí seo a chur ar aghaidh láithreach chuig an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe agus chuig an duine ar baineadh nó ar urghabhadh a mhaoin, má tá na daoine sin ina n-ábhar do na himeachtaí coiriúla lena mbaineann, nó chuig duine eile a bhfuil ceart aige chun maoine ar an maoin atá i gceist [...]'

20 Scrios Dlí an 7 Deireadh Fómhair 2021 (*Latvijas Vēstnesis*, 2021, Uimh. 202), ón 2 Samhain 2021, na téarmaí 'an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe' a bhí in Airteagal 628 den Dlí um nós imeachta coiriúil.

21 De bhun Airteagal 630 den Dlí um nós imeachta coiriúil:

‘(1) Agus scrúdú á dhéanamh aige ar na gnéithe a bhaineann leis an maoin a fuarthas go neamhdhleathach, cinnfidh an breitheamh an méid seo a leanas:

1) an bhfuarthas an mhaoin go neamhdhleathach nó an bhfuil baint aici le cion coiriúil;

2) an bhfuil faisnéis ann faoi úinéir nó faoi shealbhóir dlisteanach na n-earraí;

3) cé acu atá nó nach bhfuil ceart dlisteanach chun maoine ag duine;

4) bearta i ndáil le maoin a fuarthas go neamhdhleathach.

(2) Má chinneann an chúirt nár suíodh an nasc idir an mhaoin agus an cion coiriúil nó nach de thionscnamh neamhdhleathach an mhaoin, déanfaidh sí cinneadh lena gcuirfear deireadh leis na himeachtaí a bhaineann leis an maoin a fuarthas go neamhdhleathach.’

22 Foráiltear le hAirteagal 631(1) den Dlí um nós imeachta coiriúil ‘go bhféadfar achomharc a dhéanamh chun an apgabaltiesa (an Chúirt Réigiúnach) in aghaidh cinneadh na cúirte dúiche laistigh de 10 lá’ agus foráiltear le hAirteagal 631(3) ‘tar éis measúnú a dhéanamh ar an achomharc, go bhféadfaidh an chúirt cinneadh an rajona (pilsētas) tiesa (an Chúirt Dúiche) a chur ar neamhní agus cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 630 den Dlí seo a ghlacadh’, agus ‘nach mbeadh an cinneadh sin faoi réir achomhairc’.

Na príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Cás C-767/22

23 Urghabhadh cistí, ionstraimeachtaí airgeadais agus réadmhaoin 1Dream, DS, DL, VS agus JG i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh sna blianta 2019 agus 2020, go príomha maidir le sciúradh fáltais ón gcoireacht ar mhórscála.

24 Bhí na himeachtaí coiriúla sin fós ag an gcéim réamhthrialach, tráth a rinneadh an iarraidh ar réamhrialú.

25 Idir an 12 Márta 2021 agus an 21 Feabhra 2022, thionscain an duine atá freagrach as na himeachtaí sin imeachtaí maidir le maoin a fuarthas go neamhdhleathach i leith na gcistí, na n-ionstraimeachtaí airgeadais agus na réadmhaoine sin. Chuige sin, chuir sé comhaid na n-imeachtaí céanna ar aghaidh chuig na cúirteanna inniúla.

26 Go háirithe, maidir leis na cistí de chuid 1Dream, chinn Rīgas apgabaltiesas Krimināllietu tiesas kolēģija (Cúirt Réigiúnach Ríge, an Rannóg Coiriúil, an Laitvia), ar achomharc, an 7 Deireadh Fómhair 2021, go bhfuarthas cistí 1Dream go neamhdhleathach. Chinn an chúirt sin, dá bhrí sin, iad a choigistiú agus iad a aistriú chuig buiséad an Stáit. Cuireadh imeachtaí a bhaineann le sócmhainní DS, DL, VS agus JG ar fionraí.

27 I gcomhthéacs na n-imeachtaí sin a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach, d'iarr 1Dream, DS, DL, VS agus JG ar an duine atá freagrach as na himeachtaí, ar bhonn Airteagal 627(4) den Dlí um nós imeachta coiriúil, rochtain a fháil ar ghnéithe an chomhaid. Ós rud é nár sheas an duine sin lena n-iarratais ach go páirteach, thug na daoine sin achomhairc i gcoinne a chinntí.

28 Agus iad den tuairim go gcuireann an córas dá bhforáiltear in Airteagal 627(4) agus (5) den Dlí um nós imeachta coiriúil iad faoi mhíbhuntáiste i leith an duine atá freagrach as na himeachtaí, thug 1Dream, DS, DL, VS agus JG achomhairc bhunreachtúla i gcoinne na bhforálacha sin os comhair Latvijas Republikas Satversmes tiesa (an Chúirt Bhunreachtúil, an Laitvia), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag maíomh nach gcomhlíonann na forálacha sin an ceart chun triail chóir a fháil, mar a chumhdaítear sa chéad abairt d'Airteagal 92 de Bhunreacht na Laitvia, arna léamh i bhfianaise Chinneadh Réime 2005/212 agus Treoir 2014/42.

29 Chun rialú a dhéanamh ar na hachomhairc sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, an bhfuil feidhm ag Cinneadh Réime 2005/212 agus Treoir 2014/42 maidir leis an nós imeachta i ndáil le maoin a fuarthas go neamhdhleathach dá bhforáiltear in Airteagal 626(1) den Dlí um nós imeachta coiriúil.

30 Sonraíonn an chúirt sin, i ndáil leis sin, go bhfuil na cionta arna n-ionchúiseamh in imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh, ar imeachtaí ar leithligh iad ó imeachtaí a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach, i measc na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh Réime 2005/212 agus in Airteagal 3 de Threoir 2014/42.

31 Tugann an chúirt sin faoi deara freisin, murab ionann agus na cásanna ba chúis le breithiúnais an 19 Márta 2020, '*Agro in 2001*' (C-234/18, EU:C:2020:221), agus an 28 Deireadh Fómhair 2021, *Komisia za protivodeystvie na koruptsiyata i za otnemane na nezakonno pridobitoto imushtestvo* (C-319/19, EU:C:2021:883), go bhfuil imeachtaí maidir le fáltais ón gcoireacht faoi réir rialacha an nós imeachta choiriúil.

32 Ina theannta sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcumhdaítear le hAirteagal 4(2) de Threoir 2014/42 coigistiú maoine i gcásanna nach féidir an ciontú a dhéanamh ar chúiseanna seachas breoiteacht agus éalú an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe.

33 Sonraíonn an chúirt sin go bhfuil sé mar aidhm ag imeachtaí maidir le maoin a fuarthas go neamhdhleathach réiteach tapa, éifeachtúil agus eacnamaíoch a áirithiú ar cheisteanna a bhaineann le tionscnamh dleathach na maoine nó leis an nasc atá aici le cion coiriúil a ardaíodh le linn réamhchéim na n-imeachtaí coiriúla. Déanann an chúirt an cinneadh go bhfuarthas maoin go neamhdhleathach sula suitear go raibh cion coiriúil ann nó sula dtugtar ciontú. Thairis sin, ní hionann an cinneadh sin agus cinneadh gur tharla cion coiriúil nó cionta coiriúla.

34 Dá bhrí sin, tionscnaítear imeachtaí maidir le maoin a fuarthas go neamhdhleathach le cinneadh ón duine atá freagrach as na himeachtaí tríd na gnéithe a bhaineann leis an maoin atá faoi réir na n-imeachtaí maidir le maoin a fuarthas go neamhdhleathach a scaradh ón gcomhad coiriúil i gcás ina measann an duine sin, ar an gcéad dul síos, go dtugtar le tuiscint leis an bhfianaise go léir go bhfuarthas maoin go neamhdhleathach nó go bhfuil baint aici le cion coiriúil agus, ar an dara dul síos, go bhfuil sé dodhéanta, ar chúiseanna oibiachtúla, an cás a thabhairt os comhair na gcúirteanna amach anseo nó laistigh de thréimhse ama réasúnta, nó go bhféadfadh costais shuntasacha gan údar a bheith mar thoradh air.

35 Sna himthosca sin, féadfaidh an duine atá freagrach as na himeachtaí cinneadh a dhéanamh an cás a thabhairt os comhair cúirte, a dhéanfaidh cinneadh an bhfuarthas an mhaoin go neamhdhleathach nó an bhfuil baint aici le cion coiriúil, agus an cinneadh sin amháin. A luaithe a bheidh rialú déanta ag an gcúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair ar an gceist sin, meastar go bhfuil cinneadh cinntitheach déanta ina leith agus nach ndéileáiltear léi a thuilleadh sna himeachtaí coiriúla inar tionscnaíodh na himeachtaí a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach.

36 Dá measfaí Cinneadh Réime 2005/212 nó Treoir 2014/42 a bheith infheidhme sa chás seo, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, ar an dara dul síos, maidir le raon feidhme cheart rochtana an duine a bhfuil a mhaoin faoi réir an nós imeachta a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach ar a chomhad agus, más iomchuí, maidir leis an bhféidearthacht éifeachtaí na bhforálacha a mheasann sí a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais a choinneáil ar bun in am.

37 Sna himthosca sin, chinn Latvijas Republikas Satversmes tiesa (an Chúirt Bhunreachtúil) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An dtagann reachtaíocht náisiúnta, ar reachtaíocht í faoina dtugann cúirt náisiúnta ordú maidir le coigistiú fáltais ó choireacht in imeachtaí ar leithligh a bhaineann leis na sócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach, ar imeachtaí ar leith iad ó na príomhimeachtaí coiriúla, sula ndéantar cinneadh go ndearnadh cion coiriúil agus duine a chiontú sa chion lena mbaineann agus faoina bhfuil an coigistiú bunaithe ar ábhair i gcomhad na n-imeachtaí coiriúla, faoi raon feidhme Threoir 2014/42, go háirithe Airteagal 4 di, agus faoi Chinneadh Réime 2005/212, go háirithe Airteagal 2 de?

2) I gcás go dtugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist, an gcaithfear a mheas go bhfuil an reachtaíocht maidir le rochtain ar ábhar i gcomhad an cháis in imeachtaí a bhaineann le maoin a fuarthas go mídhleathach i gcomhréir leis an gceart chun triail chóir a fháil a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt agus in Airteagal 8(1) de Threoir 2014/42?

3) An gcaithfear prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léiriú sa chaoi go gcoisctear leis ar chúirt bhunreachtúil Ballstáit, a bhfuil caingean os a comhair maidir le bunreachtúlacht reachtaíochta náisiúnta arna dearbhú a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais, a rialú go bhfuil feidhm ag prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus nach mór éifeachtaí dlí na reachtaíochta sin a choinneáil ar mhaithe leis an tréimhse ina raibh sí i bhfeidhm?’

Cás C-49/23

38 Urghabhadh réadmhaoin AZ agus cistí 1Dream, Produktech Engineering, BBP agus Polaris Consulting i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh le linn 2012 agus 2020 maidir le sciúradh fáltais ón gcoireacht ar mhórscála.

39 Bhí na himeachtaí coiriúla sin fós ag an gcéim réamhthrialach, tráth a rinneadh an iarraidh ar réamhrialú.

40 Idir an 9 Aibreán agus an 8 Meitheamh 2021, thionscain an duine atá freagrach as na himeachtaí sin imeachtaí maidir le maoin a fuarthas go neamhdhleathach i leith na réadmhaoine agus na gcistí sin. Chuige sin, chuir sé comhaid na n-imeachtaí céanna ar aghaidh chuig na cúirteanna inniúla.

41 Maidir le réadmhaoin AZ agus cistí 1Dream, Produktech Engineering agus BBP, mheas na cúirteanna sin nach bhfuarthas go neamhdhleathach iad agus chuir siad deireadh leis na himeachtaí. Maidir le cistí Polaris Consulting, chinn an chúirt inniúil go bhfuarthas cuid acu go neamhdhleathach. D'ordaigh an chúirt go gcoigisteofaí iad chun leas an Stáit agus chuir sí deireadh leis na himeachtaí maidir leis an gcuid eile den mhaoin.

42 Agus achomharc á éisteacht aige i gcoinne na gcinntí sin, chinn Rīgas apgabaltiesas Krimināllietu tiesas kolē-ija (Cúirt Réigiúnach Ríge, an Rannóg Coiriúil), idir an 22 Iúil agus an 19 Deireadh Fómhair 2021, go bhfuarthas an réadmhaoin go léir agus na cistí atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena n-áirítear iad siúd de chuid Polaris Consulting nár coigistíodh go fóill, go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, coigistíodh na sócmhainní sin agus aistríodh chuig buiséad an stáit iad.

43 Toisc nach féidir achomhairc a dhéanamh i gcoinne chinntí Rīgas apgabaltiesas Krimināllietu tiesas kolēģija (Cúirt Réigiúnach Ríge, an Rannóg Coiriúil) i gcomhréir le hAirteagal 631(3) den Dlí um nós imeachta coiriúil, thug AZ, 1Dream, Produktech Engineering, BBP agus Polaris Consulting achomhairc bhunreachtúla i gcoinne na bhforálacha sin os comhair Latvijas Republikas Satversmes tiesa (an Chúirt Bhunreachtúil, an Laitvia), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag maíomh nach gcomhlíonann na forálacha sin an ceart chun triail chóir a fháil, mar a chumhdaítear sa chéad abairt d'Airteagal 92 de Bhunreacht na Laitvia, arna léamh i bhfianaise Chinneadh Réime 2005/212 agus Treoir 2014/42.

44 Chun rialú a thabhairt ar na hachomhairc sin, ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, ceisteanna maidir le hinfheidhmeacht Chinneadh Réime 2005/212 agus Threoir 2014/42 sna téarmaí céanna leo siúd a ndéantar achoimre orthu i míreanna 29 go 35 den bhreithiúnas seo.

45 Dá measfaí an Cinneadh Réime sin nó an Treoir sin a bheith infheidhme sa chás seo, measann an chúirt a rinne an tarchur go mbeadh sé riachtanach, ar an dara dul síos, cinneadh a dhéanamh an gceanglaítear le hAirteagal 47 den Chairt agus le hAirteagal 8(6) den Treoir sin go ráthófaí ceart achomhairc i gcoinne ordú coigistíochta a glacadh den chéad uair ar achomharc agus, más iomchuí, an féidir éifeachtaí na bhforálacha a mheasann sí a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais a choinneáil in am.

46 Sna himthosca sin, chinn Latvijas Republikas Satversmes tiesa (an Chúirt Bhunreachtúil) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An dtagann reachtaíocht náisiúnta, ar reachtaíocht í faoina dtugann cúirt náisiúnta ordú maidir le coigistiú fáltais ó choireacht in imeachtaí ar leithligh a bhaineann leis na sócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach, ar imeachtaí ar leith iad ó na príomhimeachtaí coiriúla, sula ndéantar cinneadh go ndearnadh cion coiriúil agus duine a chiontú sa chion lena mbaineann agus faoina bhfuil an coigistiú bunaithe ar ábhair i gcomhad na n-imeachtaí coiriúla, faoi raon feidhme Threoir 2014/42, go háirithe Airteagal 4 di, agus faoi Chinneadh Réime 2005/212, go háirithe Airteagal 2 de?

2) Más freagra dearfach a thabharfar ar an gcéad cheist, an gcumhdaítear faoin gcoincheap 'ordú coigistíochta' de réir bhrí Threoir 2014/4 agus, go háirithe, an dara habairt d'Airteagal 8(6) di, ní hamháin orduithe breithiúnacha lena gcinntear go bhfuarthas na sócmhainní go neamhdhleathach agus lena n-ordaítear a gcoigistiú, ach orduithe breithiúnacha freisin lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí maidir leis na sócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach?

3) Más freagra diúltach a thabharfar ar an dara ceist, an bhfuil reachtaíocht i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt agus leis an dara habairt d'Airteagal 8(6) de Threoir 2014/42 i gcás nach bhfuil daoine a bhfuil baint acu leis na sócmhainní in ann agóid a dhéanamh i gcoinne orduithe coigistíochta?

4) An gcaithfear an prionsabal maidir le tosaíocht dhlí an Aontais a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar an gcúirt bhunreachtúil i mBallstát a bhfuil caingean bhunreachtúil os a comhair maidir le reachtaíocht náisiúnta a dearbhaíodh nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais breith a thabhairt go bhfuil feidhm ag prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus go bhfuil éifeachtaí dlí na reachtaíochta sin fós ar bun go sealadach go dtí an uair, arna leagan síos i gcinneadh na cúirte sin, nach mbeidh éifeacht ag an bhforáil sin a thuilleadh?'

Cás C-161/23

47 Urghabhadh cistí agus réadmhaoin VL, ZS, Lireva Investments, VI agus FORTRESS FINANCE i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla leanúnacha maidir le sciúradh fáltais ón gcoireacht ar mhórscála.

48 Bhí na himeachtaí coiriúla sin fós ag an gcéim réamhthrialach, tráth a rinneadh an iarraidh ar réamhrialú.

49 Ina dhiaidh sin, thionscain an duine atá freagrach as na himeachtaí sin imeachtaí maidir le maoin a fuarthas go neamhdhleathach i leith na gcistí agus na réadmhaoine sin. Chuige sin, chuir sé comhaid na n-imeachtaí céanna ar aghaidh chuig na cúirteanna inniúla.

50 I gcomhthéacs na n-imeachtaí sin, chuir VL, ZS, Liles Investments, VI agus FORTRESS FINANCE faisnéis ar fáil don duine sin nó do na cúirteanna a bhfuil faisnéis os a gcomhair maidir le dlíthiúlacht thionscnamh a gcuid sócmhainní. Trí chinntí críochnaitheacha sna himeachtaí go léir a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach, chinn na cúirteanna sin go bhfuarthas na cistí agus an réadmhaoin atá i gceist sna príomhimeachtaí go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, coigistíodh na cistí agus an réadmhaoin sin agus aistríodh chuig buiséad an stáit iad.

51 Agus iad den tuairim nach ráthaítear rialacha na fianaise dá bhforáiltear in Airteagal 124(6), Airteagal 125(3) agus Airteagal 126(3)[1], den Dlí um nós imeachta coiriúil comhionannas arm i gcomhthéacs an nós imeachta sin agus go ndéanann siad dochar do phrionsabal thoimhde na neamhchiontachta, thug VL, ZS, Lireva Investments, VI agus FORTRESS FINANCE achomhairc bhunreachtúla i gcoinne na rialacha sin os comhair Latvijas Republikas Satversmes tiesa (an Chúirt Bhunreachtúil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag maíomh nach gcomhlíonann na rialacha sin an ceart chun triail chóir a fháil agus toimhde na neamhchiontachta, mar a chumhdaítear sa chéad agus sa dara habairt d'Airteagal 92 de Bhunreacht na Laitvia, arna léamh i bhfianaise Chinneadh Réime 2005/212 agus Treoir 2014/42.

52 Chun rialú a thabhairt ar na hachomhairc sin, ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, ceisteanna maidir le hinfheidhmeacht Chinneadh Réime 2005/212 agus Threoir 2014/42 sna téarmaí céanna leo siúd a ndéantar achoimre orthu i míreanna 29 go 35 den bhreithiúnas seo.

53 Dá measfaí an Cinneadh Réime sin nó an Treoir sin a bheith infheidhme sa chás seo, measann an chúirt a rinne an tarchur go mbeadh sé riachtanach, ar an dara dul síos, cinneadh a dhéanamh an bhfuil rialacha na fianaise a bhaineann leis an nós imeachta maidir le maoin a fuarthas go neamhdhleathach i gcomhréir leis na cearta a chumhdaítear le hAirteagail 47 agus 48 den Chairt agus leo siúd a chumdaítear le hAirteagal 8(1) den Treoir sin agus, más iomchuí, an féidir éifeachtaí na bhforálacha a mheasann sí a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais a choinneáil in am.

54 Sna himthosca sin, chinn Latvijas Republikas Satversmes tiesa (an Chúirt Bhunreachtúil) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An dtagann reachtaíocht náisiúnta, ar reachtaíocht í faoina dtugann cúirt náisiúnta ordú maidir le coigistiú fáltais ó choireacht in imeachtaí ar leithligh a bhaineann leis na sócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach, ar imeachtaí ar leith iad ó na príomhimeachtaí coiriúla, sula ndéantar cinneadh go ndearnadh cion coiriúil agus duine a chiontú sa chion lena mbaineann agus faoina bhfuil an coigistiú bunaithe ar ábhair i gcomhad na n-imeachtaí coiriúla, faoi raon feidhme Threoir 2014/42, go háirithe Airteagal 4 di, agus faoi Chinneadh Réime 2005/212, go háirithe Airteagal 2 de?

2) I gcás go dtugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist, an gcaithfear a mheas go bhfuil reachtaíocht náisiúnta maidir le fianaise i leith tionscnamh coiriúil maoine in imeachtaí a bhaineann le maoin a fuarthas go mídhleathach, amhail an reachtaíocht arna tabhairt isteach ag na forálacha atá faoi chonspóid, i gcomhréir leis an gceart chun triail chóir a fháil a leagtar síos in Airteagail 47 agus 48 den Chairt agus in Airteagal 8(1) de Threoir 2014/42?

3) An gcaithfear prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léiriú sa chaoi go gcoisctear leis ar chúirt bhunreachtúil Ballstáit, a bhfuil caingean os a comhair maidir le bunreachtúlacht reachtaíochta náisiúnta arna dearbhú a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais, a rialú go bhfuil feidhm ag prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus nach mór éifeachtaí dlí na reachtaíochta sin a choinneáil ar mhaithe leis an tréimhse ina raibh sí i bhfeidhm?’

55 Toisc go bhfuil nasc idir Cásanna C-767/22, C-49/23 agus C-161/23, ní mór iad a uamadh chun críocha an bhreithiúnais.

Na fíorais a tharla i ndiaidh na hiarrataí ar réamhrialú

56 Tar éis na hiarrataí ar réamhrialú seo a dhéanamh, d’iarr VL ar an gcúirt a rinne an tarchur soiléiriú nó forlíonadh a dhéanamh ar na ceisteanna a tharchuirtear chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú ar an bhforas gur cuireadh deireadh leis na himeachtaí coiriúla, as ar eascair coigistiú a mhaoine, gan é a chiontú.

57 Le cinneadh an 30 Lúnasa 2024, ar tugadh fógra ina leith do Chlárlann na Cúirte an 9 Meán Fómhair 2024, dhíbh an chúirt a rinne an tarchur an iarraidh sin. Mheas sí gur chuir sí in iúl don Chúirt Bhreithiúnais cheana féin go bhfuil imeachtaí a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach neamhspleách agus éagsúil ó imeachtaí coiriúla sa mhéid is nach mbraitheann

an chéad cheann ar thoradh na n-imeachtaí coiriúla sin. Dá bhrí sin, de réir an chinnidh sin, cuireadh in iúl don Chúirt go bhféadfadh coigistiú a bheith mar thoradh ar imeachtaí a bhaineann le maoin a fuarthas go neamhdhleathach cé go bhféadfaí deireadh a chur le himeachtaí coiriúla ina dhiaidh sin mar gheall ar easpa fianaise. Ar deireadh, sa chinneadh sin, chinn an chúirt a rinne an tarchur nár eilimintí nua iad na himthosca dá dtagraíonn VL.

Na hiarrataí an chuid ó bhéal den nós imeachta a athoscailt

58 Le doiciméid a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 26 Lúnasa agus an 4 Meán Fómhair 2024 faoi seach, d'iarr JG agus VL go n-athosclófaí an chuid ó bhéal den nós imeachta.

59 Mar thaca leis na hiarrataí sin, áitíonn JG agus VL go mbaineann Tuairim an Abhcóide Ghinearálta le hábhair nár pléadh os comhair na Cúirte Breithiúnais agus ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar an gcinneadh atá le tabhairt ag an gCúirt sna cásanna seo.

60 Déanann JG tagairt, ar an gcéad dul síos, do ghnéithe áirithe a cuireadh ar aghaidh sa Tuairim sin chun an dara habairt d'Airteagal 8(6) de Threoir 2014/42 a léiriú, nár pléadh idir na páirtithe leasmhara. Ar an dara dul síos, tugann JG faoi deara go bhféadfadh léiriú na forála sin difear a dhéanamh freisin do léiriú Threoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L, 2024/1260). Is gné nua é glacadh na Treorach sin, a tharla tar éis na héisteachta.

61 Ó thaobh VL de, cuireann sé in iúl gur cuireadh deireadh leis na himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh ina choinne gan é a chiontú. Dar le VL, is gá plé a dhéanamh ar na hiarmhairtí dlíthiúla atá le baint as an bhfíoras go bhféadfaí deireadh a chur leis na himeachtaí coiriúla i gcoinne dhéantóir ciona choiriúil i gcás inar ordaíodh coigistiú maoine cheana féin i gcomhthéacs imeachtaí maidir le maoin a fuarthas go neamhdhleathach a tionscnaíodh le linn na n-imeachtaí coiriúla sin.

62 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go bhféadfaidh an Chúirt, i gcomhréir le hAirteagal 83 dá Rialacha Nós Imeachta, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a ordú, tráth ar bith, go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise os a comhair, nó i gcás, tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid sin den nós imeachta, ina dtíolacfaidh páirtí fíoras nua a mbeidh a chineál ina thoisc chinntitheach ar bhreith na Cúirte nó i gcás ina gcaithfear an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh fós.

63 Ní mór a choinneáil i gcuimhne freisin nach bhforáiltear i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus sna Rialacha Nós Imeachta go bhféadfadh na páirtithe barúlacha a thíolacadh mar fhreagairt ar Thuairim an Abhcóide Ghinearálta (breithiúnas an 31 Eanáir 2023, *Puig Gordi agus páirtithe eile*, C-158/21, EU:C:2023:57, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

64 Thairis sin, faoin dara mír d'Airteagal 252 CFAE, tá ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna ina n-éilítear a rannpháirtíocht i gcomhréir le Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Níl an Chúirt faoi cheangal ag an Tuairim sin ná ag an ráiteas ar na cúiseanna lena dtagann an tAbhcóide Ginearálta uirthi. Dá bhrí sin, ní féidir le heasaontas páirtí le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta, beag beann ar na ceisteanna a scrúdaíonn an tAbhcóide

Ginearálta ina Thuairim, a bheith ina fhoras ann féin a thugann údar le hatosú an nós imeachta ó bhéal (breithiúnas an 31 Eanáir 2023, *Puig Gordi agus páirtithe eile*, C-158/21, EU:C:2023:57, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

65 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, nach ionann an fhianaise ar a bhfuil JG ag brath mar thaca lena iarraidh go n-athosclófaí an chuid ó bhéal den nós imeachta agus argóintí nár pléadh os comhair na Cúirte agus nach mór na cásanna seo a chinneadh ar a mbonn. Go háirithe, ag an gcomhéisteacht inar ghlac JG páirt, bhí na páirtithe leasmhara in ann na pointí dlí a mheas siad a bheith ábhartha a leagan amach ionas go mbeadh an Chúirt in ann freagra a thabhairt ar na ceisteanna a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur, lena n-áirítear an cheist maidir le léiriú an dara habairt d'Airteagal 8(6) de Threoir 2014/42. Go sonrach, bhí an fhoráil sin ina hábhar ceiste ón gCúirt Breithiúnais, ar iarradh ar na páirtithe leasmhara sin freagra a thabhairt uirthi ag an éisteacht sin. Ar an dara dul síos, maidir le hargóint JG bunaithe ar Threoir 2024/1260, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, nár tagraíodh don Treoir sin ar bhealach ar bith sna hiarrataí ar réamhrialú. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 33 de, socraíodh an 23 Samhain 2026 mar sprioc chun an Treoir sin a thrasuí, agus mar thoradh air sin is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé, más iomchuí, iarraidh a dhéanamh ar an gCúirt Bhreithiúnais a bhaineann go sonrach leis an Treoir sin agus le hábharthacht fhéideartha a forálacha.

66 Maidir leis an bhfianaise a chuir VL ar aghaidh, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a rinne an chúirt a rinne an tarchur, go n-áirítear san fhaisnéis a chuir an chúirt sin ar fáil, a luaithe a rinneadh an iarraidh ar réamhrialú i gCás C-161/23, go bhféadfadh na himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh i gcoinne déantóirí líomhnaithe ciona choiriúil leanúint ar aghaidh le linn na n-imeachtaí i ndáil le maoin a fuarthas go neamhdhleathach agus go bhféadfaí deireadh a chur leis na himeachtaí sin gan an déantóir sin a chiontú, cé go bhféadfadh coigistiú a bheith mar thoradh ar na himeachtaí a bhaineann leis an maoin sin idir an dá linn. Dá bhrí sin, bhí deis ag na páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl ina leith sin.

67 Ar deireadh, measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an fhaisnéis go léir aici is gá chun rialú a thabhairt.

68 I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nach gá a ordú go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Na chéad cheisteanna i gCásanna C-767/22, C-49/23 agus C-161/23

69 Mar réamhphointe, is ceart a choinneáil i gcuimhne, de réir chásdlí socair na Cúirte, sa nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. I bhfianaise an mhéid sin, is faoin gCúirt atá sé, más iomchuí, na ceisteanna a tarchuireadh chuici a athfhoirmliú agus, ag féachaint ar an ábhar go léir a sholáthair an chúirt náisiúnta, agus go háirithe an t-ábhar sa ráiteas ar na cúiseanna leis an ordú tarchuir, na heilimintí de dhlí an Aontais is gá a léiriú i bhfianaise ábhar na díospóide a tharraingt amach (breithiúnas an 29 Iúil 2024, *CU agus ND (Cúnamh sóisialta – Idirdhealú indíreach)*, C-112/22 agus C-223/22, EU:C:2024:636, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

70 I ndáil leis sin, is léir ó na hiarrataí ar réamhrialú go dtagann an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme na rialacha náisiúnta maidir le nós imeachta coiriúil agus go bhforáiltear léi, i gcás ina dtionscnaítear imeachtaí coiriúla i gcoinne duine mar gheall ar chion coiriúil ach i gcás ina bhfuil sé dodhéanta, ar chúiseanna oibiachtúla, an cás a thabhairt os comhair na gcúirteanna amach anseo nó ina mbeadh costais shuntasacha gan údar ag baint leis, go bhféadfaí imeachtaí a thionscnamh maidir le maoin a fuarthas go neamhdhleathach, rud a d'fhéadfadh coigistiú maoine a bheith mar thoradh air. De réir na reachtaíochta céanna, féadfaidh an chúirt inniúil coigistiú maoine a ordú i gcás ina ndealraíonn sé go bhfuarthas an mhaoin go neamhdhleathach nó go bhfuil baint aici le cion coiriúil. Mar sin féin, níl sé mar aidhm ag na himeachtaí sin an cion coiriúil ar ina leith a tionscnaíodh na himeachtaí coiriúla sin a shuí agus tá sé neamhspleách ar chinneadh na cúirte ar tugadh na himeachtaí coiriúla sin os a comhair maidir leis an gcion coiriúil sin.

71 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór a mheas, dá bhrí sin, leis na chéad cheisteanna i gCásanna C-767/22, C-49/23 agus C-161/23, ar iomchuí iad a scrúdú le chéile, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Cinneadh Réime 2005/212 agus Treoir 2014/42 a léiriú sa chaoi go dtagann reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear don fhéidearthacht, le linn imeachtaí coiriúla a bhfuil mar aidhm acu a fháil amach an ndearna duine cion coiriúil, imeachtaí a thionscnamh, faoi raon feidhme na ngníomhartha sin, ar bhonn faisnéis atá sa chomhad imeachtaí coiriúla, chun maoin a fuarthas go neamhdhleathach a choigistiú, i gcás nach mbaineann na himeachtaí coigistíochta sin le cion coiriúil den sórt sin a bhunú, agus i gcás nach bhfuil aon fhorais ann a bhaineann le breoiteacht nó éalú an duine sin a chuirfeadh cosc ar an duine teacht i láthair os comhair na cúirte.

72 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur gníomhartha a glacadh i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla iad Cinneadh Réime 2005/212 agus Treoir 2014/42, a chuirtear in ionad fhorálacha an Chinnidh Réime sin go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Márta 2020, '*Agro in 2001*', C-234/18, EU:C:2020:221, míreanna 52 agus 53, agus an 28 Deireadh Fómhair 2021, *Komisia za protivodeystvie na koruptsiyata i za otnemane na nezakonno pridobitoto imushtestvo*, C-319/19, EU:C:2021:883, míreanna 32 agus 33).

73 Leis na gníomhartha sin, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit rialacha íosta comhchoiteanna a bhunú maidir le hionstraimeachtaí agus fáltais a choigistiú i ndáil le cionta coiriúla, d'fhonn, *inter alia*, aitheantas frithpháirteach a éascú d'orduithe coigistíochta breithiúnacha arna nglacadh i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Márta 2020, '*Agro in 2001*', C-234/18, EU:C:2020:221, mír 56, agus an 28 Deireadh Fómhair 2021, *Komisia za protivodeystvie na koruptsiyata i za otnemane na nezakonno pridobitoto imushtestvo*, C-319/19, EU:C:2021:883, mír 36).

74 Chuige sin, ceanglaítear le hAirteagal 2(1) de Chinneadh Réime 2005/212 agus le hAirteagail 4 go 6 de Threoir 2014/42 ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an gcoigistiú sin i gcásanna áirithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2021, *Okrazhna prokuratura – Varna*, C-845/19 agus C-863/19, EU:C:2021:864, mír 48).

75 Ba cheart a thabhairt faoi deara go nglactar leis sna cásanna sin, mar is léir ó fhoclaíocht na bhforálacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, go bhfuil nasc ann idir coigistiú agus cion coiriúil. I ndáil leis sin, sainmhínítear an coincheap 'coigistiú' in Airteagal 2(4) den Treoir sin mar 'dhíothacht bhuan maoine arna hordú ag cúirt i dtaca le cion coiriúil'.

76 Dá bhrí sin, is sna cásanna sin amháin atá feidhm ag Cinneadh Réime 2005/212 agus ag Treoir 2014/42. Thairis sin, dearbhaítear teorannú den sórt sin ar raon feidhme na Treorach sin le haithris 13 de Rialachán 2018/1805 ónar léir, murab ionann agus an Rialachán sin, nach bhfuil sé i gceist le horduithe a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/42 gach ordú coigistíochta a eisítear tar éis imeachtaí i ndáil le cion coiriúil a chumhdach.

77 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 1(1), arna léamh i gcomhar le haithrisí 5 agus 22 de, go leagtar síos le Treoir 2014/42 rialacha íosta a bhaineann, *inter alia*, le maoin a choigistiú in ábhair choiriúla.

78 Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt nach dtagann reachtaíocht náisiúnta maidir le hionstraimeachtaí agus fáltais ó ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a choigistiú, ar coigistiú é a ordaíonn cúirt Ballstáit in imeachtaí nó i ndiaidh imeachtaí nach mbaineann le cinneadh ciona choiriúil amháin nó níos mó, faoi na rialacha íosta a leagtar síos le Cinneadh Réime 2005/212 agus le Treoir 2014/42 (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Márta 2020, '*Agro in 2001*', C-234/18, EU:C:2020:221, míreanna 57 agus 62, an 28 Deireadh Fómhair 2021, *Komisia za protivodeystvie na koruptsiyata i za otnemane na nezakonno pridobitoto imushtestvo*, C-319/19, EU:C:2021:883, míreanna 37, 39 agus 41, agus an 9 Márta 2023, *Otdel 'Mitnichesko razsledvane i razuznavane*', C-752/21, EU:C:2023:179, mír 40).

79 Go háirithe, ní thagann imeachtaí náisiúnta, cé gur tionscnaíodh iad ar bhonn faisnéise go gcuirtear i leith duine go ndearna sé cionta coiriúla áirithe, a bhfuil mar aidhm eisiach acu a shuíomh an bhfuarthas maoin go neamhdhleathach agus atá neamhspleách ar aon imeachtaí coiriúla arna dtionscnamh i gcoinne dhéantóir líomhnaithe na gcionta agus ar thoradh na n-imeachtaí sin, go háirithe má chinntear déantóir na gcionta a chiontú, faoi raon feidhme Chinneadh Réime 2005/212 agus Threoir 2014/42 (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Márta 2020, '*Agro in 2001*', C-234/18, EU:C:2020:221, mír 60, agus an 28 Deireadh Fómhair 2021, *Komisia za protivodeystvie na koruptsiyata i za otnemane na nezakonno pridobitoto imushtestvo*, C-319/19, EU:C:2021:883, mír 38).

80 Leanann sé ó na breithnithe roimhe seo nach féidir imeachtaí, cé go bhforáiltear dóibh le rialacha náisiúnta nós imeachta choiriúil, a bhfuil mar aidhm eisiach acu cinneadh a dhéanamh an bhfuarthas maoin go neamhdhleathach ar bhonn na ngnéithe sa chomhad a bhaintear as na himeachtaí maidir le cion coiriúil nó cionta coiriúla a chumhdaítear leis na gníomhartha sin a bhunú, a mheas mar imeachtaí atá faoi réir Chinneadh Réime 2005/212 nó Threoir 2014/42, gan an chumhacht a thabhairt don chúirt ar tugadh na himeachtaí coigistíochta os a comhair, i gcomhthéacs na n-imeachtaí sin, a chinneadh go bhfuil cion coiriúil den sórt sin ann agus gan an cinneadh sin a bheith déanta le linn na n-imeachtaí a bhaineann le cion coiriúil nó cionta coiriúla a bhunú.

81 Ar an gcéad dul síos, cé go bhféadfadh sé gurb ionann imeachtaí coigistíochta a theorannú le rialacha náisiúnta imeachtaí coiriúla agus léiriú go bhfuil nasc riachtanach ann idir na himeachtaí coigistíochta agus cion coiriúil a chinneadh, níl sé cinntitheach ann féin lena chinneadh go dtagann imeachtaí coigistíochta den sórt sin faoi raon feidhme Chinneadh Réime 2005/212 nó Threoir 2014/42.

82 Ar an dara dul síos, ní chaitheann Airteagal 4(2) den Treoir sin amhras ar eisiamh imeachtaí coigistíochta ó raon feidhme Chinneadh Réime 2005/212 agus Threoir 2014/42 arb é is aidhm eisiach dóibh a chinneadh an bhfuarthas maoin go neamhdhleathach, gan é a bheith de chumhacht ag an gcúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair a chinneadh gurb ann do chion coiriúil agus in éagmais cinneadh roimh ré go ndearnadh cion den sórt sin.

83 I ndáil leis sin, foráiltear leis an bhforáil sin, i gcás nach féidir coigistiú a dhéanamh ar bhonn Airteagal 4(1) de Threoir 2014/42, ar a laghad i gcás inar breoiteacht nó éalú an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe is cúis leis an dodhéantacht sin, go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas gur féidir ionstraimeachtaí agus fáltais a choigistiú i gcásanna inar tionscnaíodh imeachtaí coiriúla maidir le cion coiriúil a d'fhéadfadh a bheith ina chúis, go díreach nó go hindíreach, le tairbhe eacnamaíoch, agus gur dhócha go mbeadh ciontú coiriúil mar thoradh ar imeachtaí den sórt sin dá mba rud é go raibh an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in ann dul chun trialach.

84 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 27 dá Thuairim, sainmhínítear na cásanna ina gceanglaítear le hAirteagal 4(2) de Threoir 2014/42 ar na Ballstáit bearta a ghlacadh lena gceadaítear coigistiú seachas na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) den Treoir sin.

85 Tagraíonn an fhoráil dheireanach sin do choigistiú ionstraimeachtaí agus fáltas ar leis an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe iad nó do choigistiú maoine a gcomhfhreagraíonn a luach do luach na n-ionstraimeachtaí nó na bhfáltas sin, a úsáidtear don chion coiriúil ar tharla ciontú deiridh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe ina leith nó a eascraíonn as an gcion sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2021, *Okrazhna prokuratura – Varna*, C-845/19 agus C-863/19, EU:C:2021:864, mír 55, agus an 12 Bealtaine 2022, *RR agus JG (Maoin tríú páirtí a reo)*, C-505/20, EU:C:2022:376, mír 50).

86 Os a choinne sin, tagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2014/42, mar is léir ó aithris 15 di, i gcás nach féidir ciontú den sórt sin a dhéanamh mar gheall ar neamhláithriú an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe in imthosca áirithe, ar a laghad i gcás breoiteacht nó éalú an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine chúisithe sin, ach gur tionscnaíodh imeachtaí coiriúla i leith cion coiriúil a d'fhéadfadh a bheith ina chúis, go díreach nó go hindíreach, le buntáiste eacnamaíoch agus go bhféadfadh ciontú coiriúil a bheith mar thoradh ar na himeachtaí sin dá mba rud é go raibh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine cúisithe sin in ann teacht i láthair os comhair cúirte.

87 Dá bhrí sin, ceanglaítear leis an gcoigistiú dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) de Threoir 2014/42, agus tagairt á déanamh 'd'ionstraimeachtaí' agus 'd'fháltais', de réir bhrí Airteagal 2(1) agus (3) den Treoir sin, go bhféadfaidh an chúirt a ordaíonn an coigistiú measúnú a dhéanamh ar ábharthacht an chiona choiriúil sin, gan beann ar an gceist ar cúisíodh déantóir an chiona choiriúil.

88 Dá bhrí sin, ní thagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2014/42 d'imeachtaí, amhail na himeachtaí atá i gceist sna príomhimeachtaí, lenar féidir coigistiú a chur i gcrích go tapa, ach nach bhfuil sé i gceist leo a shuí gurb ann do chion coiriúil.

89 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, is é an freagra ar na chéad cheisteanna i gCásanna C-767/22, C-49/23 agus C-161/23 go gcaithfear Cinneadh Réime 2005/212 agus Treoir 2014/42 a léiriú sa chaoi nach dtagann reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear don fhéidearthacht, le linn imeachtaí coiriúla a bhfuil mar aidhm acu a fháil amach an ndearna duine cion coiriúil, imeachtaí a

thionscnamh, faoi raon feidhme na ngníomhartha sin, ar bhonn faisnéis atá sa chomhad imeachtaí coiriúla, chun maoin a fuarthas go neamhdhleathach a choigistiú, i gcás nach mbaineann na himeachtaí coigistíochta sin le cion coiriúil den sórt sin a bhunú, agus i gcás nach bhfuil aon fhorais ann a bhaineann le breoiteacht nó éalú an duine sin a chuirfeadh cosc ar an duine teacht i láthair os comhair na cúirte.

An dara agus an tríú ceist i gCásanna C-767/22, C-49/23 agus C-161/23 agus an ceathrú ceist i gCás C-49/23

90 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar na chéad cheisteanna i gCásanna C-767/22, C-49/23 agus C-161/23, ní gá freagra a thabhairt ar na ceisteanna eile sna cásanna sin, a tharchuirtear chuig an gCúirt i gcás go dtugtar freagra dearfach ar na chéad cheisteanna sin, gan dochar do chinneadh na cúirte a rinne an tarchur go bhféadfadh Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO 2012 L 142, lch. 1) nó Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65, lch. 1).

Costais

91 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Déantar Cásanna C-767/22, C-49/23 agus C-161/23 a uamadh chun críocha an bhreithiúnais.**

2. **Maidir le Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005, maidir le Fáltais, Ionstraimeachtaí agus Maoin a bhaineann le Coireacht a Choigistiú, agus le Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní thagann reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear don fhéidearthacht, le linn imeachtaí coiriúla a bhfuil mar aidhm acu a fháil amach an ndearna duine cion coiriúil, imeachtaí a thionscnamh, faoi raon feidhme na ngníomhartha sin, ar bhonn faisnéis atá sa chomhad imeachtaí coiriúla, chun maoin a fuarthas go neamhdhleathach a choigistiú, i gcás nach mbaineann na himeachtaí coigistíochta sin le cion coiriúil den sórt sin a bhunú, agus i gcás nach bhfuil aon fhorais ann a bhaineann le breoiteacht nó éalú an duine sin a chuirfeadh cosc ar an duine teacht i láthair os comhair na cúirte.

Sínithe